# Ollscoil na hÉireann, Gaillimh

# National University of Ireland Galway

## *Ról agus Caidrimh Thuairiscithe agus Nósanna Imeachta Ceapacháin do Dhéin Feidhmiúcháin*

### Ról

1. Mar chomhalta d'Fhoireann Bainistíochta na hOllscoile, is post tábhachtach ceannaireachta straitéisí a mbeidh freagracht bainistíochta ag baint leis ag leibhéal Ollscoile agus ag leibhéal Coláiste a bheidh i ról an Déin Feidhmiúcháin.

Mar Oifigeach Feidhmiúcháin de chuid an Choláiste, beidh sé de chúram ar an Déan ceannaireacht acadúil a thabhairt don Choláiste. Agus an ról seo á chur i gcrích aige/aici, oibreoidh an Déan, go háirithe, le Bord Feidhmiúcháin an Choláiste, le Cinn Scoile, le Cinn disciplíní, le Stiúrthóirí Clár agus le Stiúrthóirí Institiúidí agus Ionad Taighde laistigh den Choláiste. Bíonn ról ceannaireachta ag an Déan agus ag comhaltaí an Choláiste i bhforbairt agus i bhfeabhsú chláir an Choláiste, i gcothú feabhais sa teagasc agus sa taighde agus i leas acadúil na mac léinn a chur chun cinn.

2. Áirítear na réimsí seo a leanas ar fhreagrachtaí an Déin, ach níl siad teoranta dóibh:

**Ceannaireacht Acadúil**

Mar bhall d'Fhoireann Bainistíochta na hOllscoile, ag feidhmiú faoi threoir an Uachtaráin, éilítear ar an Déan Feidhmiúcháin na nithe seo a leanas a dhéanamh:

- Forbairt mhisean acadúil na hOllscoile a stiúradh mar chuid lárnach de Phlean Straitéiseach na hOllscoile
- Fadbhreathnaitheacht straitéiseach, anailís riosca agus deise a sholáthar mar chuid de phróiseas forbartha straitéise na hOllscoile
- Feidhmiú na straitéise acadúla ag leibhéal an Choláiste a stiúradh trí phleanáil acadúil chomhtháite, lena n-áirítear maoirseacht, athbhreithniú agus monatóireacht a dhéanamh ar Phleananna Oibriúcháin bliantúla ag leibhéal Coláiste, Scoile agus Institiúide Taighde
- Tionscnaimh straitéiseacha a stiúradh chun aitheantas náisiúnta agus idirnáisiúnta a bhaint amach do mhisean acadúil na hOllscoile
- Tionscnaimh a threorú sna Coláistí, Scoileanna agus Institiúidí Taighde a chuirfidh le heispéireas comhaltaí foirne, mac léinn agus alumni
- Freagraí tráthúla a thabhairt ar na dúshláin atá ag teacht chun cinn, lena n-áirítear saincheisteanna a bhaineann le cúrsaí buiséid, iontógáil agus coinneáil mac léinn mar aon le saincheisteanna cáilíochta

- Comhpháirtíochtaí straitéiseacha agus oibríochtúla a fhorbairt le hinstitiúidí acadúla agus le soláthraithe seirbhíse eile, féachaint le misean acadúil na hOllscoile a sheachadadh ar bhealach atá níos éifeachtúla ó thaobh costais de agus níos inrochtana
- A chinntiú go gcuirtear pleananna i dtoll a chéile don Choláiste, Scoil, Disciplín, Institiúid Taighde agus Ionad, agus iad a chur i bhfeidhm laistigh de chreat Phleananna Acadúla agus Straitéiseacha na hOllscoile ag féachaint go cuí ar na hacmhainní atá ar fáil nó a d'fhéadfadh a theacht chun cinn
- Feidhmiú Straitéis an Choláiste a stiúradh
- Cur le forbairt agus le feidhmiú Phleananna Acadúla agus Straitéiseacha na hOllscoile
- A chinntiú, leis na Déin eile, go mbeidh comhoibriú agus forbairt idir-Choláiste ann sa teagasc, forbairt clár idir-Choláiste san áireamh, agus sa taighde

**Taighde, Nuálaíocht & Tionchar**

- Oibriú leis an Leas-Uachtarán Taighde agus le Foireann Bainistíochta na hOllscoile d'fhonn cur le forbairt Straitéis Taighde agus Nuálaíochta na hOllscoile
- Cinntiú go bhfuil Straitéisí Taighde agus Nuálaíochta an Choláiste agus a chuid Institiúidí ag teacht le Straitéis Taighde agus Nuálaíochta na hOllscoile
- Comhar Taighde agus Nuálaíochta idir Coláistí, Scoileanna agus Institiúid Taighde na hOllscoile a chothú, agus idir páirtithe leasmhara náisiúnta agus idirnáisiúnta chomh maith
- Cinntiú go bhfuil an Coláiste faoi réir leas a bhaint as deiseanna maoinithe náisiúnta agus idirnáisiúnta
- Cinntiú go mbeifear ag díriú ar thorthaí gníomhaíochtaí taighde sa Choláiste trí chéile
- Cinntiú go gcuimseofar i Straitéis Taighde agus Nuálaíochta an Choláiste an oiread agus is féidir de ghníomhaíochtaí taighde thaighdeoirí gníomhacha an Choláiste
- Oibriú i dtreo a chinntiú go mbeidh gach comhalta foirne acadúil gníomhach ó thaobh taighde de, agus go bhfuil siad ag cur le próifíl taighde na hOllscoile
- Spriocanna a shocrú do gach gné d'fheidhmíocht taighde an Choláiste, agus an fheidhmíocht sin, chomh maith le tionchar na feidhmíochta, a thagarmharcáil i gcoinne feidhmíocht ollscoileanna eile in Éirinn agus ollscoileanna faoi leith thar lear.

**Teagasc agus Foghlaim**

- Ceannaireacht a chur ar fáil i bhforbairt, feabhsú agus measúnacht cháilíochta na gclár acadúil, ag díriú go háirithe ar struchtúr, ar mhodh seachadta agus ar mheasúnacht na gclár
- Cinntiú go bhfuil na próisis Foghlama, Teagaisc agus Mheasúnachta sa Choláiste trí chéile ar an gcaighdeán is airde
- Spreagadh a thabhairt d'fhorbairt tionscnamh straitéiseach i bhFoghlaim, Teagasc agus Measúnacht, laistigh agus ar fud na gColáistí agus na Scoileanna

- Maoirseacht a dhéanamh ar fhorbairt straitéise a fhéachfaidh le cumas i leith ardáin seachadta nua d'Fhoghlaim agus Teagasc a thógáil, go háirithe ardáin ar líne agus na foghlama cumaisc
- Straitéis na hOllscoile d'Oideachas Céimithe a chur i bhfeidhm, ag leibhéal an Choláiste
- Straitéisí a fhorbairt chun cláir Foghlama fadsaoil a chur ar fáil agus maoirseacht a dhéanamh ar sheachadadh na gclár sin ag leibhéal an Choláiste
- Eispéireas mac léinn atá ag teacht le misean na hOllscoile a fhorbairt sa Choláiste, agus tacú leis an eispéireas sin
- Spriocanna a shocrú do gach gné d'fheidhmíocht Foghlama agus Teagaisc an Choláiste, agus an fheidhmíocht sin a thagarmharcáil i gcoinne feidhmíocht Coláistí eile in Éirinn agus ollscoileanna faoi leith thar lear.

**Cáil agus raon feidhme idirnáisiúnta**

- Straitéis fhadtéarmach a fhorbairt don Choláiste a chuirfidh le cáil idirnáisiúnta agus le raon feidhme idirnáisiúnta na hOllscoile, agus plean feidhmiúcháin ilbhliantúil a fhorbairt a bheidh ailínithe le straitéis idirnáisiúnaithe na hOllscoile
- Maidir leis sin, monatóireacht agus athbhreithniú a dhéanamh ar phlean ilbhliantúil an Choláiste, agus oibriú i dtreo spriocanna an phlean a bhaint amach
- Straitéis an Choláiste a thagarmharcáil i ndáil leis sin i gcoinne ollscoileanna eile in Éirinn agus ollscoileanna faoi leith thar lear, agus dul chun cinn a dhéanamh i dtreo an straitéis a bhaint amach.

**Ról Ionadaíochta**

- Ionadaíocht a dhéanamh ar an Ollscoil go seachtrach ar iarratas ón Uachtarán
- Ionadaíocht a dhéanamh ar an gColáiste laistigh den Ollscoil agus lasmuigh di

**Acmhainní Daonna**

- Ionadaíocht a dhéanamh ar an Uachtarán, de réir mar is gá, ar Bhoird Mheasúnóirí agus ar Bhoird Arduithe Céime d'fhoireann an Choláiste, go háirithe an fhoireann acadúil
- Na daoine is fearr a earcú agus a choinneáil d'fhonn cion a dhéanamh do mhisean na hOllscoile i dtaca le taighde, nuálaíocht agus tionchar agus le teagasc agus foghlaim, féachaint le cur le stór eolais an domhain
- Forbairt na foirne a chur chun cinn i gcomhar le hoifigí agus le seirbhísí ábhartha na hOllscoile
- I gcomhairle le hAcmhainní Daonna, comhlíonadh i ndáil le reachtaíocht agus le polasaithe na hOllscoile agus polasaithe náisiúnta maidir le hacmhainní daonna a chinntiú
- Gníomhú ar Bhoird Maoirseachta Promhaidh agus ar Bhoird Phromhaidh, de réir mar is gá, go háirithe i gcás na foirne acadúla.

**Bainistíocht Acmhainní**
(Chun críche acmhainní a leithdháileadh is éard is Coláiste ann na scoileanna, na disciplíní, na cláir, na hinstitiúidí agus na hionaid taighde atá ceangailte leis chuige sin)

- Tacú le forbairt na hOllscoile agus an Choláiste trí ioncam a ghiniúint go cuí agus go freagrach, trí acmhainní a leithdháileadh agus trí phleanáil bhuiséadach a bheidh ag teacht le misean, le straitéis agus le riachtanais na hOllscoile
- Mar bhall d'Fhoireann Bainistíochta na hOllscoile, leithdháileadh acmhainní acadúla san Ollscoil a phleanáil, a bhainistiú agus monatóireacht a dhéanamh orthu i gcomhréir le misean, le straitéis agus le riachtanais na hOllscoile
- Leithdháileadh comhaltaí foirne acadúla, teicniúla agus riaracháin sna Coláistí, sna Scoileanna agus sna hInstitiúidí Taighde a phleanáil, a bhainistiú agus monatóireacht a dhéanamh orthu
- Leithdháileadh acmhainní fisiciúla do na Coláistí, na Scoileanna agus na hInstitiúidí Taighde a phleanáil, a bhainistiú agus monatóireacht a dhéanamh orthu
- Na hacmhainní buiséid, daonna agus fisiciúla atá ar fáil a dháileadh ar bhealach atá ag teacht le cuspóirí Phlean Straitéiseach na hOllscoile, agus a thacaíonn leo.

**Eile**

- Aon dualgas eile a chinnfidh an tUachtarán.

## Caidrimh Thuairiscithe

- Beidh an Déan freagrach don Uachtarán maidir le gnóthaí acadúla agus riaracháin an Choláiste.
- Beidh Cinn Scoile, Cinn Institiúidí Taighde agus Leas-Déin laistigh den Choláiste freagrach don Déan in ábhair a bhaineann le riarachán acadúil agus le bainistiú acmhainní.
- Tá freagracht ar an Déan maidir le ceannaireacht acadúil an Choláiste. Tá an t-údarás ag an Déan chomh maith polasaithe acadúla, riaracháin agus bainistíochta acmhainní an Choláiste a chur i bhfeidhm, i gcomhairle le Feidhmeannacht an Choláiste.

## Nósanna Imeachta Ceapacháin

### 1. Nósanna Imeachta Ceapacháin

1.1 Ar dháta nach déanaí ná naoi mí sula mbeidh folúntas ann, cuirfidh an tUachtarán tús leis an bpróiseas ceapacháin don Déanacht atá i gceist.

1.2 Fógrófar an folúntas go seachtrach ar an ngnáthbhealach, agus beidh cáipéisíocht ar fáil ina leagfar amach an ról agus na freagrachtaí a bhíonn ar Dhéan.

1.3 Déanfar gairm ar iarratais faoi dháta dúnta nach déanaí ná 7 mhí sula mbeidh an folúntas ann

1.4 Tabharfar cuireadh do gach iarrthóir atá incháilithe a dhéanfar a ghearrliostú

- Chun cur i láthair a dhéanamh, a mbeidh cuireadh ag comhaltaí uile an Choláiste chuige, ina leagfar amach a n-iarrthóireacht agus a bpleananna don Choláiste  Chun agallaimh ag Bord ar a mbeidh na daoine seo a leanas

- An tUachtarán (Cathaoirleach)
- An Meabhránaí agus Uachtarán Ionaid
- Beirt de chomhaltaí an Choláiste, a ainmneoidh an Coláiste
- Déan Coláiste eile
- Beirt mheasúnóirí sheachtracha (arna gceapadh ag an Uachtarán)

Cloífidh an Bord le riachtanas na hOllscoile maidir le cothromaíocht inscne i mballraíocht bord roghnúcháin.

1.5 Cuirfear tuairisc agus moladh an Bhoird Agallaimh chuig Údarás na hOllscoile chun go nglacfar leo. Má ghlacann Údarás na hOllscoile leis an tuairisc, déanfaidh an tUachtarán an ceapachán.

## *2. Incháilitheacht*

Tá comhaltaí foirne agus iarrthóirí seachtracha a bhfuil post Ollaimh, Ollaimh Phearsanta, Léachtóra Shinsearaigh nó Léachtóra (os cionn an bhaic nó faoina bhun) acu i dteideal cur isteach ar Dhéanacht an Choláiste, ar an gcoinníoll go bhfuil siad dearbhaithe ina bpost. Éileofar ar an iarrthóir a cheapfar na critéir atá leagtha síos ag an Ollscoil le go gceapfaí é/í mar Ollamh Pearsanta/Ollamh a bheith comhlíonta aige/aici mar atá leagtha síos i sonraíocht an róil.

## *3. Téarma Oifige*

Ceapfar Déin ar feadh tréimhse ceithre bliana, agus féadfar tréimhse ceithre bliana eile a chur léi sin, ar mholadh ón Uachtarán chuig Údarás na hOllscoile agus i ndiaidh dul i gcomhar leis an Meabhránaí & Uachtarán Ionaid agus le Bord an Choláiste. Ina leithéid de chás, ba cheart don Déan a bhfuil a t(h)éarma oifige caite aige/aici an tUachtarán a chur ar an eolas i scríbhinn tráth nach déanaí ná –naoi mí roimh dheireadh an téarma oifige más mian leis/léi go ndéanfaí breithniú air/uirthi don dara téarma.

**Nótaí:**

- Beidh an Déan Feidhmiúcháin i dteideal iarratas a dhéanamh ar shaoire shabóideach, sa bhreis ar a ngnáth-incháilitheacht shabóideach, laistigh de 12 mhí ón uair a chríochnóidh

sé/sí a t(h)éarma mar Dhéan rud a chuirfidh ar a c(h)umas tabhairt faoi na gníomhaíochtaí taighde go tapa arís[1] .

- I gcásanna nuair a chuirtear téarma/téarmaí i gcrích mar Dhéan Feidhmiúcháin i gcomhthráth le hincháilitheacht chun iarratas a dhéanamh ar Shaoire Shabóideach mar atá leagtha amach sa Pholasaí maidir le Saoire Shabóideach (QA238), ansin is féidir leis an Déan a bhfuil a t(h)éarma oifige caite aige/aici iarratas a dhéanamh ar suas le 6 mhí de Shaoire Shabóideach breise in aghaidh gach téarma a caitheadh mar Dhéan an Choláiste[ii] , faoi réir chomhlíonadh gach gné eile den Pholasaí maidir le Saoire Shabóideach[iii] .
- Seachas i gcásanna eisceachtúla, ní chuirfear isteach ar théarma mar Dhéan Feidhmiúcháin le tréimhse de Shaoire Shabóideach. I gcásanna ina dtagann incháilitheacht chun iarratas a dhéanamh ar Shaoire Shabóideach mar atá leagtha amach sa Pholasaí maidir le Saoire Shabóideach (QA238) chun cinn le linn téarma Déan Feidhmiúcháin, is gnách go gcuirfidh an Déan an tSaoire Shabóideach ar athló go dtí go mbeidh an téarma mar Dhéan an Choláiste críochnaithe. Ní bheidh tionchar ag iarchur den sórt sin ar incháilitheacht an Déin Fheidhmiúcháin iarratas a dhéanamh ar an dara tréimhse de Shaoire Shabóideach nó an tréimhse eile ina dhiaidh sin. Sa chás go gcuirtear Saoire Shabóideach ar athló le linn théarma Déin, ríomhfar incháilitheacht don tSaoire Shabóideach seo agus do na tréimhsí ina dhiaidh sin ón dáta incháilitheachta bunaidh le feidhmiú mar atá leagtha amach sa Pholasaí maidir le Saoire Shabóideach.

I gcásanna, nuair a dhéantar téarma Déan Feidhmiúcháin a athnuachan, féadfaidh an Déan iarratas a dhéanamh ar Shaoire Shabóideach atá nasctha lena g(h)náth-incháilitheacht faoin bPolasaí maidir le Saoire Shabóideach nó lena (h)incháilitheacht mar atá leagtha amach anseo, díreach ar chríochnú an chéad téarma agus roimh thús an dara téarma.

tréimhse na saoire cosanta móide 12 mhí ón uair a chríochnóidh a t(h)éarma mar Dhéan Coláiste.

[ii] Ní bheidh feidhm ag an incháilitheacht i leith tréimhse bhreise de Shaoire Shabóideach ach sa chás go bhfuil téarma iomlán ceithre bliana curtha i gcrích ag Déan Coláiste.

[iii] Deirtear i gClásal 2.5 den Polasaí maidir le Saoire Shabóideach: “seachas i g*cásanna eisceachtúla, ní dheonófar Saoire Shabóideach sa chás nach gcomhlíonfaidh an t-iarratasóir dhá sheisiún acadúla iomlána mar chomhalta foirne de chuid na hOllscoile i ndiaidh dó/di filleadh ón tSaoire”.* Measfar gur cúinse eisceachtúil maidir leis an riail seo téarma nó téarmaí a chríochnú mar Dhéan Feidhmiúcháin, agus an teidlíocht de Shaoire Shabóideach áirithe a bhaineann leis.

[1] I gcásanna ina mbaineann Déan Feidhmiúcháin, a bhfuil a t(h)éarma oifige caite aige/aici, leas as saoire chosanta (*e.g.*, saoire mháithreachais, saoire do thuismitheoirí, saoire bhreoiteachta), beidh an Déan Feidhmiúcháin i dteideal iarratas a dhéanamh ar thréimhse
de Shaoire Shabóideach atá ceangailte lena t(h)éarma mar Dhéan laistigh de thréimhse ama nach mó ná